**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 14 Iúil 2022 – Poblacht na hIodáile (C-106/19), Comune di Milano (C-232/19) v Comhairle an Aontas Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa**

**(Cásanna uamtha C-106/19 agus C-232/19)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Dlí institiúideach – Rialachán (AE) 2018/1718 – Suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) a shocrú in Amstardam (an Ísiltír) – Airteagal 263 CFAE – Inghlacthacht – Leas i gcaingean a thionscnamh – Locus standi – Dá chúram go díreach agus go leithleach – Cinneadh arna ghlacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát ar imeall cruinnithe den Chomhairle chun suíomh gníomhaireachta de chuid an Aontais a chinneadh – Easpa éifeachtaí ceangailteacha i ndlíchóras an Aontais – Sainchumais Pharlaimint na hEorpa)***

(2022/C 340/03)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Poblacht na hIodáile (arna hionadú ag: G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó C. Colelli, S. Fiorentino agus G. Galluzzo, avvocati dello Stato) (C-106/19), Comune di Milano (arna ionadú ag: J. Alberti, M. Condinanzi, A. Neri agus F. Sciaudone, avvocati) (C-232/19)

*Cosantóirí:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (arna hionadú ag: M. Bauer, J. Bauerschmidt, F. Florindo Gijón agus E. Rebasti, i gcáil Gníomhairí), Parlaimint na hEorpa (arna hionadú ag: I. Anagnostopoulou, A. Tamás agus L. Visaggio, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraithe mar thaca leis an gcosantóir:* Ríocht na hÍsiltíre (arna hionadú ag: M. K. Bulterman agus J. Langer, i gcáil Gníomhairí), An Coimisiún Eorpach (arna ionadú ag: K. Herrmann, D. Nardi agus P. J. O. Van Nuffel, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar na caingne a dhíbhe.

2. Íocfaidh Poblacht na hIodáile, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa a gcostais féin i gCás C-106/19.

3. Íocfaidh Comune di Milano, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa a gcostais féin i gCás C-232/19.

4. Íocfaidh Ríocht na hÍsiltíre agus an Coimisiún a gcostais féin.

([1]) IO C 112, 25.03.2019

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 14 Iúil 2022– Parlaimint na hEorpa v Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-743/19)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Dlí institiúideach – Comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh – An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) – Inniúlacht maidir le suíomh a shocrú – Airteagal 341 CFAE – Raon feidhme – Cinneadh arna ghlacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát ar imeall cruinnithe den Chomhairle – Dlínse na Cúirte faoi Airteagal 263 CFAE – Údar agus cineál dlíthiúil an ghnímh – Easpa éifeachtaí ceangailteacha i ndlíchóras an Aontais)***

(2022/C 340/04)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: I. Anagnostopoulou, C. Biz agus L. Visaggio, i gcáil Gníomhairí)